Broadcasting Complaints Commission
Coimisiún um Ghearáin Chraolacháin

An Próiseas Gearán agus an Coimisiún um Ghearáin Chraolacháin – Treoir don Lucht Éisteachta agus Féachana





Intreoir

Aon duine den lucht féachana nó éisteachta atá míshásta le hábhar a chraoltar ar sheirbhís chraoltóireachta le ceadúnas Éireannach, bíodh sé ina chlár nó ina fhógrán, is féidir leis/léi gearán a dhéanamh ina thaobh agus is é an Coimisiún um Ghearáin Chraolacháin a dhéanfaidh an gearán sin a phróiseáil.

Chuir an rialtas de chúram ar an gCoimisiún um Ghearáin Chraolacháin déileáil le gach gearán faoi chúrsaí craolacháin. Is ionann seo agus a rá go measann an Coimisiún na gearáin seo agus go ndéanann sé cinneadh ina dtaobh.

Míníonn an leabhrán seo an próiseas gearán agus ról an Choimisiúin um Ghearáin Chraolacháin (an Coimisiún) maidir le breithiúnas a thabhairt ar na gearáin seo.

Cosnaítear do cheart chun gearán a dhéanamh faoi bhun achtanna éagsúla craolacháin agus is é an ceann is déanaí díobh ná an tAcht Craolacháin 2001. Tá na hAchtanna seo le fáil ach iad a lorg ó oifigí an Choimisiúin nó iad a chóipeáil óna láithreán gréasáin www.bcc.ie nó ón Oifig Dhíolta Foilseachán Rialtais, Sráid Theach Laighean, Baile Átha Cliath 2.

Céard é an Coimisiún um Ghearáin Craolacháin?

Is comhlacht neamhspleách é an Coimisiún um Ghearáin Chraolacháin (an Coimisiún) a mheasann agus a thugann breithiúnas ar ghearáin faoi mhíreanna craolta, idir chláir agus fhógráin. Is iad na catagóirí gearáin atá ann ná:

- ceart agus cothrom na Féinne i gcláir nuachta agus cúrsaí reatha,
- dlí agus ord,
- príobháideachas an duine aonair,
- toighis agus cuibheas,
- cóid chaighdeán agus chleachtas a rialaíonn cúrsaí fógraíochta, siopadóireacht teilifíse, urraíocht agus tionscnamh tráchtála,
- clúmhilleadh,
- ábhair fhoilsithe,
- agus toirmisc a ordaíonn Airí Rialtais.

Is féidir le haon duine den lucht féachana nó éisteachta gearán a chur faoi bhráid an Choimisiúin má tá siad míshásta faoi ábhar a chraoltar ar sheirbhís chraoltóireachta le ceadúnas Éireannach. Is féidir an gearán a dhéanamh faoi cheann ar bith de na catagóirí thuasluaite.

Nósanna maidir le Gearáin Raidió & Teilifíse

Cé ar féidir leis gearán a dhéanamh?

Is féidir le haon duine den lucht féachana nó éisteachta gearán a chur faoi bhráid an Choimisiúin mar gheall ar chlár nó ar fhógrán a chraoltar ar sheirbhís raidió nó teilifíse le ceadúnas Éireannach. Ní mór na gearáin a chur ar fáil i bhfoirm scríofa agus na sonraí seo a leanas a bheith ann:

- dáta, am agus stáisiún craolta
- an mhír nuachta, an clár nó an fógrán a ainmniú
- achoimre gearr a scríobh a sholáthraíonn mioneolas faoi ábhar an ghearáin agus a shonraíonn cé acu fo-cheannteideal d'Alt 24 (2) den Acht Craolacháin 2001 faoina bhfuil an gearán á dhéanamh (tugtar eolas faoi seo sa chuid den leabhrán seo dar teideal 'Na hÁbhair ar Féidir Gearán a Dhéanamh Fúthu').

Tá sé tábhachtach na sonraí sin go léir a chur ar fáil. Tá 'Foirm Ghearáin' ar leith ann chun cabhrú le gearánaithe. Is féidir í a fháil ach í a lorg ó oifigí an Choimisiúin nó í a chóipeáil óna láithreán gréasáin ar www.bcc.ie

Cé hiad na craoltóirí atá faoi scóip an Choimisiúin?

Gach craoltóir tráchtála, pobail agus poiblí, idir chraoltóirí raidió agus teilifíse, atá ceadúnaithe laistigh de Phoblacht Éireann.

Na hÁbhair ar Féidir Gearán a Dhéanamh Fúthu

Má fheiceann nó má chloiseann tú aon mhír chraolta a mheasann tú a sháraíonn na rialacháin seo a leanas d'Alt 24 (2) den Acht Craolacháin 2001, is féidir leat gearán foirmiúil a dhéanamh:

A Ceart agus cothrom na Féinne

Ní mór gach nuacht chraolta a chur i láthair agus a thuairisciú ar shlí atá oibiachtúil, cothrom gan tuairimí na gcraoltóirí a bheith le sonrú.

Ní mór cláir chúrsaí reatha, lena n-áirítear iad siúd ina bpléitear nó ina ndéantar díospóireacht faoi cheisteanna conspóideacha, a dhéanamh ar shlí a thugann cothrom na Féinne do gach páirtí leasmhar. Ach oiread leis an nuacht, ní mór an t-ábhar a chur i láthair go hoibiachtúil neamhchlaonta, gan tuairimí na gcraoltóirí a bheith le sonrú.

Is féidir dhá chlár nó líon níos mó ná sin a mheas mar aon chlár amháin má bhíonn siad gaolmhar dá chéile ó thaobh ábhair agus má chraoltar go réasúnta gar dá chéile iad.

B Toighis agus Cuibheas, Dlí agus Ord

Tá dualgas ar gach craoltóir gan aon ní a chraoladh a d'fhéadfaí a mheas go réasúnta gurb ábhar déistineach míchuibhiúil atá ann, go háirithe maidir le forneart nó iompar gnéasach a léiriú ar shlí is dócha a spreagfadh coiriúlacht nó a laghdódh údarás an Stáit.

C Príobháideachas an Duine Aonair

Tá dualgas ar chraoltóirí féachaint chuige nach gcuirtear isteach go míréasúnta ar phríobháideachas an duine aonair.

D Cóid Toighse agus Chuibhis

Tá na cóid seo á ndréachtú faoi láthair ag Coimisiún Craolacháin na hÉireann.

E Cóid maidir le fógraíocht, siopadóireacht teilifíse, urraíocht agus tionscnamh tráchtála

Ní mór do chraoltóirí saothrú laistigh den Chód Caighdeán, Cleachtas agus Toirmeasc maidir le Fógraíocht, Urraíocht agus Cineálacha eile de Thionscnamh Tráchtála sna Seirbhísí Craolacháin.

Tá an cód, agus gach aguisín leis a bhaineann le hábhar, le fáil ach é a lorg ón gCoimisiún nó é a chóipeáil óna láithreán gréasáin ar www.bcc.ie

F Clúmhilleadh

Is féidir leis an gCoimisiún déileáil le gearáin a mhaíonn gur craoladh eolas míchruinn a d'fhéadfadh a mheas mar ionsaí ar dhínit, ar chlú nó ar onóir an té a ndearnadh na ráitis ina thaobh.

G Ábhair fhoilsithe

Tá cead ag Údarás RTÉ irisí, leabhair, páipéir agus ábhair chlóite eile a ullmhú, a fhoilsiú agus a dháileadh agus, ag brath ar thoil an Aire, ábhair thaifeadta éisteachta agus féachana a thiomsú, a fhoilsiú, a dháileadh, a dhíol nó a mhalartú.

Is féidir gearán a dhéanamh maidir le hábhair nuachta nó cúrsaí reatha a fhoilsíonn, a dháileann nó a dhíolann RTÉ más dócha go spreagfadh sé coiriúlacht nó go laghdódh sé údarás an Stáit.

H **Toirmisc a ordaíonn Airí Rialtais**

Tá sé de chumhacht ag an Aire cosc a chur ar ábhar ar bith a chraoladh má mheasann sé gur dócha go spreagfadh sé coiriúlacht nó go laghdódh sé údarás an Stáit. Ní mór leis an gCraoltóir cloí lena leithéid d'ordú.

Cé chomh tapa agus ba chóir an gearán a dhéanamh?

Tá teorainn ama ann:

(i) Má bhaineann an gearán le mír chraolta amháin, ní mór an gearán a chur faoi bhráid an Choimisiúin laistigh de thríocha lá ón uair a craoladh an mhír;

(ii) Má bhaineann sé le dhá cheann de mhíreanna craolta (nó líon níos mó ná sin), agus mura bhfuil **nasc ar bith** idir na míreanna seo, caithfear an gearán a sheoladh chugainn laistigh de thríocha lá ón uair a craoladh an chéad mhír díobh.

(iii) Má bhaineann an gearán le dhá mhír chraolta (nó líon níos mó ná sin) a **bhfuil nasc eatarthu**, agus gur craoladh ar a laghad dhá cheann de na míreanna sin ar dhátaí éagsúla, ní mór an gearán a sheoladh chugainn laistigh de thríocha lá ón uair a craoladh an ceann is déanaí de na míreanna.

Má chloiseann nó má fheiceann tú mír chraolta a chuireann as duit, comhlánaigh an 'Fhoirm Ghearáin' agus seol ar ais go dtí oifigí an Choimisiúin í laistigh de thríocha lá ón uair a craoladh an mhír. Nó d'fhéadfá ainm an stáisiúin a scríobh síos chomh maith le dáta agus am an chraolta agus achoimre a thabhairt ar cad é go díreach a chuir as duit agus an t-iomlán a sheoladh go dtí an Coimisiún laistigh de thríocha lá ón uair a craoladh an mhír.

Cad é a dhéanfar leis an ngearán?

- Má ghlactar leis an ngearán, cuirfidh an Coimisiún ar aghaidh go dtí an craoltóir é. Bíonn lá is fiche ag an gcraoltóir i ndiaidh an gearán a fháil chun cinneadh a dhéanamh cé acu freagra a thabhairt nó gan freagra a thabhairt. Féadann an Coimisiún an teorainn ama seo a fhadú má bhíonn cúiseanna fónta leis.
- Má thugann an Craoltóir freagra ar an ngearán, cuirfear cóip de go dtí an gearánaí. Mura sásaíonn an freagra sin an gearánaí, bíonn suas le ceithre lá déag aige/aici chun freagra a chur faoi bhráid an Choimisiúin. Féadann an Coimisiún an teorainn ama seo a fhadú má bhíonn cúiseanna fónta leis.
- Mura mbíonn an Gearánaí sásta leis an bhfreagra, déanfaidh an Coimisiún an comhfhreagras scríofa go léir a mheas, chomh maith le taifeadadh den mhír chraolta is ábhar don ghearán.

- Is féidir le fostaí de chuid an Chraoltóra cead a lorg chun trácht ar ghnéithe den ghearán. Más dóigh leis an gCoimisiún go bhféadfadh an gearán drochthionchar a bheith aige ar leas an fhostaí, tabharfar deis dó/di a leithéid de thrácht a dhéanamh.
- Éistfidh an Coimisiún le fianaise bhéil, má mheastar sin a bheith cuí.
- Má bhaineann an gearán le fógrán faoi bhun Alt 24 (2) (e) den Acht Craolacháin 2001, tabharfaidh an Coimisiún deis don duine a chuir an fógrán faoina mbráid aighneachtaí a dhéanamh i dtaobh an fhógráin.
- Déanfaidh an Coimisiún na gearáin a chuirtear faoina mbráid a mheas go príobháideach agus go rúnda.

Cad é a tharlaíonn i ndiaidh don Choimisiún an gearán a mheas?

- Más rud é go n-aontaíonn an Coimisiún leis an ngearán, is amhlaidh a 'thacófar' leis.
- Más rud é nach n-aontaíonn an Coimisiún leis an ngearán, is amhlaidh a 'dhiúltófar' é.
- Cuirfear cóip den chinneadh go dtí an gearánaí agus go dtí an craoltóir sula bhfoilsítear go poiblí é. Más rud é gur duine éigin seachas an craoltóir a rinne an clár/fógrán, is amhlaidh a chuirfidh an Coimisiún cóip den chinneadh go dtí an duine sin freisin.
- Cuirtear achoimrí ar na cinntí ar fad ar fáil do na meáin chumarsáide. Liostaítear ar Thuarascáil Bhliantúil an Choimisiúin chomh maith iad agus foilsítear ar láithreán gréasáin an Choimisiúin iad, ach amháin má fheictear don Choimisiún nár chuí sin.
- Bíonn ainm an ghearánaí ar cheann de na sonraí a fhoilsítear.
- Is féidir leis an gCoimisiún iarraidh ar an gCraoltóir sonraí áirithe a bhaineann leis an gcinneadh a fhoilsiú ar shlí éigin a comhaontaíodh cheana idir an Coimisiún agus an Craoltóir.
- I gcás go dtacaítear le cuid den ghearán nó leis an ngearán iomlán, déanfaidh an Craoltóir cinneadh an Choimisiúin a chraobhscaoileadh. Is cuid de seo ainm an ghearánaí agus, i gcás gearáin a dhéantar faoi bhun fho-alt (2) (f) (clúmhilleadh) den Acht Craolacháin 2001, ceartófar aon eolas míchruinn nó aon eolas a bhaineann leis an duine a bhí i gceist.

  Déanfar seo in am agus ar shlí atá cosúil le ham craolta na míre a spreag an gearán an chéad lá. Is é an t-aon eisceacht air seo ná cásanna ina measann an Coimisiún nár chuí an ceartúchán a chraoladh.
- Níl aon chumhacht ag an gCoimisiún maidir le costais nó speansais a bhronnadh ar aon cheann de na páirtithe.
- Ba chóir gach comhfhreagras leis an gCoimisiún a chur go dtí an seoladh seo:

  An Rúnaí,
  An Coimisiún um Ghearáin Chraolacháin,
  2-5 Plás Warrington,
  Baile Átha Cliath 2.

Liosta d'Achtanna/Chóid a bhaineann le hábhar:

- An tAcht Craolacháin 2001
- An tAcht Craolacháin 1990
- An tAcht Raidió agus Teilifíse 1988
- An tAcht um Údarás Craolacháin (Leasú) 1976
- An tAcht um Údarás Craolacháin 1960
- Cóid chaighdeán chleachtas agus toirmeasc a rialaíonn cúrsaí fógraíochta, urraíochta agus cineálacha eile de thionscnaimh thráchtála sna seirbhísí craolacháin (Bealtaine 1995)
- Aguisíní leis na cóid chaighdeán, chleachtas agus toirmeasc a rialaíonn cúrsaí fógraíochta, urraíochta agus cineálacha eile de thionscnamh tráchtála sna seirbhísí craolacháin (Bealtaine 1995)

Is féidir cóipeanna de na hAchtanna/Cóid a liostaítear thuas a fháil ach iad a lorg ó oifigí an Choimisiúin um Ghearáin Chraolacháin nó iad a chóipeáil óna láithreán gréasáin ar **www.bcc.ie**

Is é an Rialtas a ainmníonn **Comhaltaí an Choimisiúin**, a fhanann i mbun na hoibre ar feadh cúig bliana. Is iad na Comhaltaí atá ann faoi láthair ná:

Oonagh McCrann (Cathaoirleach), Joseph Brady, Kay Cogan-Daly, Gerry Collison, Christy Cooney, Elizabeth Linnane, David Main, Breanda O'Hanlon, Pierce O'Malley.



Ullmhaíodh an leabhrán seo mar threoir don lucht éisteachta is féachana maidir leis an bpróiseas gearán amháin. Achoimre ginearálta is ea é ar chumhachtaí agus ar dhlínse an Choimisiúin. Tá sonraí iomláine mar gheall ar raon gníomhaíochtaí an Choimisiúin le fáil sa reachtaíocht chraolacháin ábhartha.

Is féidir dul i dteagmháil leis an gCoimisiún ag:

An Coimisiún um Ghearáin Chraolacháin

2-5 Plás Warrington

Baile Átha Cliath 2

TEIL: (01) 676 1097

FACS: (01) 676 0948

R.PHOST: info@bcc.ie

GRÉASÁN: www.bcc.ie



Conas gearán a dhéanamh

Ní mór gach **gearán**

- a dhéanamh i bhfoirm scríofa. Tá Foirm Ghearáin ar leith ann chuige seo
- a dhéanamh laistigh de thríocha (30) lá ó chraoladh an chláir
- ní mór go mbainfeadh an gearán le clár a bhí á chraoladh ag craoltóir le ceadúnas Éireannach
- ní mór go mbeadh an gearán laistigh de na cóid agus den reachtaíocht a mhínítear sa chuid den leabhrán seo dar teideal *'Na hÁbhair ar Féidir Gearán a Dhéanamh Fúthu'*
- ní mór achoimre a thabhairt ar ábhar an ghearáin.

Foilsíonn an Coimisiún sonraí na ngearán a bhíonn á meas acu, ainm an ghearánaí san áireamh, ach amháin nuair a fheictear dóibh nár chuí é sin